Comhar na nOileán CTR

# Slí

Eagrán 1- Samhain 2021

***Is Nuachtlitir arlíne é 'Slí' ag cur síos ar agus ag tuairisciú ar chúrsaí ar díol-spéise iad d'áitrítheoirí na nOileán thimpeall ár gcósta.***

## San Eagrán seo:

- **Eolas ar an gClár Idirthréimhseach LEADER agus deiseanna eile maoinithe**
- **Conas Margadh Feirme a bhunú. Féachaint ar an taithí a bhí ag Oileán Chléire**
- **Cúrsaí traenála ar Oileáin Chorcaigh**
- **Margaíocht d'Oileáin na hÉireann do Shéasúr 2022**
- **Forbairt na nGormbhealaí beartaithe d'Oileáin Dhún na nGall agus d'Oileáin Chorcaigh**
- **Spásanna ríomhoibriú ar na hOileáin**
- **Ríomhsheirbhísí Sláinte – an todhchaí. Oileán Chliara ag taispeáin an bhealaí**




Pobal na nOileán, Daonra, Fiontraíocht, Timpeallacht na nOileán, Ceantair Tuaithe, Gaeltacht.
Communities on the Islands, Population, Enterprise, Environment, Rural Areas, Gaeltacht

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and Community Development

Ár dTodhchaí Tuaithe
Our Rural Future

# Clár Idirthréimhseach LEADER 2021-2022

# Deiseanna Maoinithe d'Fhiontair agus Tionscadail Pobail - Oileáin Chorcaí, Oileáin Mhaigh Eo, Oileáin Dhún na nGall agus Iarthar Chorcaí.

Seoladh an Clár Idirthréimhseach LEADER ar an 1 Aibreán agus cinnteoidh sé seo go leanfar ag seachadadh na dtionscadal forbartha tuaithe faoi stiúir áitiúil ar an mbealach céanna go dtosóidh clár nua an Aontas Eorpaigh i 2023.

Leanfaidh Comhar na nOileán ag obair go dlúth le pobail ar na hOileáin agus le muintir Iarthar Chorcaí, chun a bheith ullmhaithe don chéad tréimhse eile 2023-2027.

Beidh béim ar an timpeallacht iar-Chovid/iar-Bhrexit agus muid ag tacú le tionscadail a;

- chruthaíonn postanna, fiontraíocht agus nuálaíocht.
- Tacaíochtaí do thionscadal a thacaíonn le pobail aghaidh a thabhairt ar thionchar Covid 19.
- forbairtí chun a bheith réidh don chéad chlár eile ag díriú ar athrú aeráide, forbairtí digiteacha agus eile.
- Úsáid an chur chuige Sráidbhaile Cliste i bhforbairt na gceantracha áitiúla.

Seo iad na tosaíochtaí a bheidh ag Comhar na nOileán;

- Gnólachtaí tuaithe atá ag iarraidh margaí nua a bhaint amach, a leathnú, nó a éagsúlú mar bhealach chun díriú ar thionchar paindéimeach Covid 19 nó Brexit.
- Béim ar leith ar thacaíocht a sholáthar don earnáil bia.
- Tionscadail phobail a fhágann go bhfuil áiseanna níos inrochtana do chuile ghrúpa sa bpobal.
- Tionscadail faoi stiúir an phobail a fhéachann le háiseanna áineasa lasmuigh a fhorbairt agus a chur chun cinn agus áiseanna atá ann cheana féin a fheabhsú.
- Tacaíocht a thabhairt do thionscadail nach bhfuair cúnamh roimhe seo faoin gclár LEADER.
- Tionscadail nua agus nuálacha i réimsí an athrú aeráide, cosaint na timpeallachta agus an gheilleagair ghlais.
- An úsáid is fearr a bhaint as leathanbhanda agus an gheilleagair dhigitigh, scileanna agus feasacht a ardú agus úsáid spásanna oibre chomhúsaide atá ar fáil e.g. saoráidí oibre, moil dhigiteacha, ríomhoibriú.

Tá an maoiniú teoranta. Chun treoir agus tacaíocht a fhail glao ar 099 75096 nó seol ríomhphost ag fios@oileain.ie Tá an Clár Idirthréimhseach LEADER maoinithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe & Pobail.

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and Community Development
Ár dTodhchaí Tuaithe Our Rural Future
LEADER
The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas

# Comhar na n-Oileán – Breathnú Siar

**Láimhdeachas**

- 2019 – €1.5m
- 2020 – €1m
- 75 fiontar a fuair tacaíocht
- 78 post cruthaithe nó a fuair tacaíocht
- 87 Pobal a fuair tacaiocht




**Seachadadh na gClár 2014-2021**
**An Méid a Baineadh Amach agus na Dúshlain**

Tá Comhar na nOileán bródúil as an méid atá bainte amach leis an gclár LEADER reatha agus le Cláir eile. É seo déanta in ainneoin go raibh an próiseas riaracháin trom mar go raibh 4 Chomhairle Contae páirteach ann i 4 Réigiún, 6 Choiste Meastóireachta, Bord Chomhar na nOileán agus Coiste Stiúrtha Chomhdháil Oileán na hÉireann. Seo i gcomparáid le comhlachtaí eile a bhí ag deileáil le h-aon Chomhairle Contae amháin.
Ba iad na gnéithe dúshlánacha a bhí ag baint leis an gclár:

- Nach raibh ciste maoinithe do na hoileáin amhain.
- Ag deileáil le 4 LCDC/LAG agus 4 Phríomhoifigeach.
- Buiséid Contae gan aon sciar curtha go leataobh d'oileáin.
- Na hOileáin a bheith san iomaíocht le ceantair ar an Mórthír.
- Is beag comhdhlúthú idir Cláir mar gheall ar chur chuige contae.
- Cailliúint sineirgíochta idir Cláir.
- Ní raibh LEADER dhá sheachadadh againn i nOileáin na Gaillimhe agus sin 60% do dhaonra oileáin na hÉireann.

## COMHNASCADH IDIR CLÁRACH – IS FÉIDIR TORTHAÍ I BHFAD NÍOS FEARR A BHAINT AMACH.



IS É ÁR N-AIDHM NÁ GO N-AITHNEOFAÍ OILEÁIN NA HÉIREANN MAR LIMISTÉAR GEOGRAFACH AMHÁIN

GO NDAINGNEOFAÍ STRAITÉIS FORBARTHA ÁITIÚIL D'OILEÁIN NA HÉIREANN, DON GHAEILGE AGUS DO CHEANTAIR FORIMEALLACHA MAR STRAITÉIS FORBARTHA ÁITIÚIL NEAMHSPLEÁCH

TÁ MUID AG SÚIL GO MBEADH COMHAR NA NOILEÁN CTR MAR GHRÚPA GNÍOMHAÍOCHTA ÁITIÚIL D'OILEÁIN NA HÉIREANN MAIDIR LEIS NA CLÁIR GO LÉIR..

# Margadh Feirmeoirí: Margadh Feirmeoirí a bhunú ar Oileán Chléire




CAPE CLEAR FARMERS MARKET
MARGADH FEIRMEOIRÍ CHLÉIRE

## An Chéad Chéim

Is oileán é Oileán Chléire atá amach ó chósta thiar Chorcaí, agus cosúil le go leor oileán, is foinse thábhachtach ioncaim í an turasóireacht do go leor oileánach. Maireann príomhshéasúr na turasóireachta ar Oileán Chléire ar feadh timpeall sé seachtaine ó mhí Iúil go lár mhí Lúnasa, agus tá an clabhsúr deiridh don deireadh seachtaine scéalaíochta i mí Mheán Fhómhair. Bíonn scoláirí Gaeilge ar an oileán i rith míonna an tSamhraidh, ach mar thoradh ar ráig Covid-19, ní raibh aon mhic léinn ann, rud a chuir brú eacnamaíoch, ní amháin ar theaghlaigh áitiúla, ach ar gheilleagar an oileáin in iomláine. Tharla an dianghlasáil ansin agus ní raibh daoine ag tabhairt cuairte ar an oileán agus bhí na gnóthais áitiúla go léir buailte go dona. Ordaíonn muintir Oileán Chléire an chuid is mó dá gcuid siopadóireachta ar líne nó ar an bhfón ón ollmhargadh ar an mór thír. Ansin pacáiltear é seo i mboscaí cairtchláir agus tugtar chuig Dún na Séad é, áit a gcuirtear é i gcoimeádán agus as sin ar an mbád farantóireachta. Mar thoradh ar an ndianghlasáil bhí i bhfad níos mó dhó seo ag tarlú agus ba gheall le aimsir na Nollag a bhí ann chuile sheachtain.



Maidir le chuile thionscadal pobail tá sé tábhachtach leibhéal an tsuim áitiúil a thomhas, agus ligean do dhaoine a dtuairimí a chur in iúl faoin gcaoi ar chóir don tionscadal dul ar aghaidh. Socraíodh gurb é an bealach is fearr chun é seo a dhéanamh suirbhé áitiúil a dhéanamh ar an gcaoi a mhothaigh daoine sa phobal faoi mhargadh feirmeoirí áitiúla a bhunú, agus céard ba mhaith leo a fheiceáil ann.

Ba é príomhaidhm an tsuirbhé seo ná a thomhas cé chomh tacúil is a bheadh an daonra áitiúil ar Oileán Chléire maidir le margadh feirmeora a bhunú.

Tá sé tábhachtach d'aon ghnóthas an suíomh ceart a roghnú, agus chuathas i gcomhairle leis an bpobal go forleathan.

Ó thorthaí an tsuirbhé, ba léir go raibh an-suim ag daoine áitiúla ceannach ó mhargadh feirmeoirí áitiúla, agus go mbeadh suim ag líon suntasach bia agus táirge a sholáthar. Sa deireadh, socraíodh go dtabharfaí Margadh Feirmeoirí Chléire ar an margadh, agus go dtosófaí triail cheithre seachtaine ar an margadh ag tosnú ar an gCéadaoin an 8 Iúil 2020.

Ar an iomlán, tionóladh trí lá dhéag margaidh idir an 8 Iúil agus an 6 Meán Fómhair 2020. Lean an margadh ar aghaidh agus bhí an-rath ar i rith 2021.

## MAOINIÚ AGUS TACAÍOCHT

Bhí Comharchumann Chléire Teo. ar cheann de phríomhurraitheoirí an mhargaidh, agus chuir siad an spás ar fáil do shealbhóirí na stallaí, ag soláthar leictreachais dóibh agus rochtain ar sheirbhísí eile.

Chuir Comhar na nOileán oibrí forbartha ar fáil chun tacaíocht agus comhordú a dhéanamh ar an tionscadal, chomh maith le tae agus caife a sholáthar do chách.

Is féidir leis na meáin shóisialta ról tábhachtach a imirt i gcur chun cinn gnó. Tá Comhar na nOileán in ann cúnamh a thabhairt d'aon oileán eile anois Margadh Feirmeoirí a bhunú.

# LÁ AN MHARGAIDH



Chomh maith le táirgí feirme áitiúla díoltar ceardaíocht áitiúla ó stallaí margaidh lena n-áirítear potaireacht agus éadaí cniotáilte. Agus iad ag leanúint ar aghaidh lena dtacaíocht do tháirgí áitiúla, tagann an t-olann a úsáideann na táirgeoirí ó chaoirigh áitiúla. Bhí an-tóir ar an gceardaíocht áitiúil ag turasóirí ar mian leo rud éigin a cheannacht ar an oileán.






## BHÍ RÓL THÁBHACHTACH AG AN MARGADH GO SÓISIALTA AGUS GO hEACNAMAÍOCH DO PHOBAL OILEÁN CHLÉIRE

## Go mba fada buan an margadh

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union
EUROPEAN UNION
Investing in your future
European Social Fund
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland
Tionscadal Éireann
Project Ireland 2040
SICAP

**Deiseanna Oiliúna d'Oileáin Chorcaigh**

- Tá oiliúint ar líne ar fáil - Oiliúint Shábháilteachta Bia ag Leibhéal 1 agus Leibhéal 2. Is féidir na cúrsaí seo a chríochnú i do chuid ama féin agus sa bhaile chomh fada agus go bhfuil rochtain réasúnta agat ar an idirlín. Má tá suim agat ann, déan teagmháil le jude@oileain.ie
- Beidh Cúrsa HACCP a reáchtáil roimh mhí na Nollag thríd an ETB, beidh ort Leibhéal 1 agus 2 a bheith críochnaithe más mian leat freastal ar an gceann seo. Beidh seisiún aonair leis an traenálaí, cuairteanna ar an suíomh, agus ábhar ar líne i gceist leis an gcúrsa. Téigh i dteagmháil le do thoil le jude@oileain.ie

**Cúrsaí Oideachais Pobail**

- Oileán Chléire - Déanamh Feilte le Catherine, ar an 2 Samhain - 30 Samhain, cúrsa 5 seachtaine.
- Ranganna Aclaíochta le Shane, 4 Samhain, do chláir 6 seachtaine.
- Inis Earcáin - Rang criadóireachta le Nicola Kelly, Grúpa 1 ar an 12 & 19 Samhain, Grúpa 2 ar an 26 Samhain & 3 Nollaig.
- An tOileán Mór - Ealaíon agus Ceardaíocht le Brian, 12 Samhain - 3 Nollaig

## GORMBHEALAÍ - OILEÁIN DHÚN NA NGALL

Tháinig roinnt eagraíochtaí le chéile le na n-áirítear Comharchumann na nOileán Bheaga, Comharchumann Thoraigh, Comhairle Contae Dhún na nGall, Údarás na Gaeltachta agus Comhar na nOileán chun plé a dhéanamh ar an deis Gormbhealach a fhorbairt idir oileáin bheaga Dhún na nGall agus an limistéar mórthíre in aice láimhe. Tá maoiniú tugtha anois chun Beochantóir a mhaoiniú chun an obair fhorbartha a dhéanamh le na n-áireofar:

- Critéir roghnúcháin láithreáin phíolótacha an Ghormbhealaí a fhorbairt.
- Cosáin a roghnú agus a mheas agus a 'scríobh suas' (cadhc, snorcal, siúlóidí, agus araile) le bheith san áireamh don Ghormbhealach.
- Cead a fháil do shuíomhanna píolótacha an Ghormbhealaí ó Oifig na gCosán Náisiúnta.
- Feasacht ar thionscadal an ghormbhealaí a árdú agus a chruthú
- Branda an Ghormbhealaí, straitéis margaíochta agus plean bonneagair láithreán píolótach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Beidh leibhéal ard rannpháirtíochta leis an bpobal áitiúil i gceist leis an obair.
Bheadh muid buíoch dá n-oibreodh an pobal linn agus muid ag forbairt an Ghormbhealaí.

Cruthóidh sé seo deiseanna iontacha freisin le haghaidh fiontair áineasa lasmuigh ar na hOileáin agus i gceantair chósta mórthíre in aice láimhe. Má tá smaoineamh agat, tar i dteagmháil linn. Cuirfidh muid ar an eolas thú faoi dheiseanna maoinithe éagsúla.

## GORMBHEALAÍ - OILEÁIN CHORCAIGH



Tionóladh an chéad chruinniú chun plé a dhéanamh ar an deis Gormbhealach a fhorbairt isteach chuig oileáin Chorcaigh agus a nascfadh le cosáin mórthíre atá ann cheana. Tá Comhar na nOileán, Comhpháirtíocht Spóirt Chorcaí agus grúpaí pobail áitiúla i gceannas ar an bhforbairt. Is é an plean ná Beochantóir a fhostú chun oibriú leis na pobail agus páirtithe leasmhara eile ar Oileáin Chorcaí agus na ceantair mórthír in aice láimhe. Sular féidir iarratas ar phróiseas Chreidiúnaithe Ghormbhealaí Éirinn a dhéanamh caithfear an méid seo a leanas a dhéanamh agus a mheas:

- Suíomh a roghnú & a mheas.
- Gníomhaíochtaí agus Fad (e.g. Snorcallú agus úsáid ghinearálta trá).
- Eolas Ginearálta (e.g. Páirceáil, Feiliúnach do Leanaí, Leithris, Gardaí Tarrthála).
- Comharthaíocht.
- Ceann Cosáin (e.g. Trealamh feiceálach, treoir oilte, fáil ar uisce úr, áiseanna athraithe).
- Saincheisteanna Iontrála agus Scoir.
- Riachtanaisí infrastruchtúir.
- Leithead an chosáin, infheictheacht, sainspéis, loingseoireacht (an rud a fheiceann tú flóra agus fána, sliogéisc, raon feamainne, éin srl).
- Acmhainní; Cóiríocht, bia srl.

Dá bhrí sin ba mhór againn comhoibriú ón bpobal áitiúil agus muid ag dul thart ag bailiú an eolais.

# AN SCÉIM INFRASTRUCHTÚIR ÁINEASA LASMUIGH (ORIS)
# MARGAÍOCHT DO NA hOILEÁIN I 2022
# 'AMUIGH FAOIN AER AR OILEÁIN NA hÉIREANN'

Tá Comhar na nOileán tar éis iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú de chuid an Chiste Infrastruchtúir Áineasa Lasmuigh (ORIS) agus HG Production Ltd. a fhostú chun físeán 4 nóiméad a dhéanamh d'imeachtaí amuigh faoin aer ar na hOileáin. Brisfear síos é seo ina 4 fhiseán nóiméad amháin de réir réigiún na Gaillimhe, Maigh Eo, Dún na nGall agus Corcaigh agus na deiseanna atá amuigh faoin aer ar na hoileáin. Beidh siad dírithe ar earnáil na mara agus amuigh faoin aer agus taispeánfaidh siad gníomhaíocht eile cosúil le siúl, ag rothaíocht, ióga, agus dreapadóireachta. Rinneadh an scannánú i rith mhí Lúnasa 2021.
Úsáidfear na físeáin chun cuairteoirí a mhealladh chuig na hOileáin tar éis Covid 19.


**Is é cuspóir an fhíseáin ná:**

- na gníomhaíochtaí ar féidir a dhéanamh amuigh faoin aer ar na hOileáin a thaispeáint.
- Siúl, rothaíochta agus gníomhaíochtaí spóirt uisce a chur chun cinn ar nós seoltóireacht, cadhcáil, tumadóireacht, snorcáil, agus eile ar na hoileáin.
- Léargais speisialta a thabhairt don chuairteoir ar stíleanna maireachtála a spreagann suaimhneas, spioradáltacht, scíthe, bia mhaith agus eispéiris dheas a chur chun cinn a thaspeánann gnéithe spéisiúla do bhealaí fiáine an Atlantaigh.
- Cuairteoirí a spreagadh a theacht ar ais chuig na hOileáin, tar éis COVID 19 trí úsáid na físe ar Facebook, YouTube, Instagram, agus modhanna eile meáin shóisialta in 2022.
- Ligint do ghnólachtaí (Báid Farantóireachta) na físeáin réigiúnacha 1 nóiméad a úsáid ar a láithreáin ghréasáin i 2022 chun gníomhaíochtaí mara agus lasmuigh a chur chun cinn chun cuairteoirí a mhealladh.

Tá an tionscadal seo maoinithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, Comhar na nOileán, Comdháil Oileáin na hÉireann agus na cuideachtaí farantóireachta a chuidigh leis an maoiniú. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le HG Productions, na maoinitheoirí agus an lucht tacaíochta go léir.
Beimid ag seoladh leagan sonrach de réir réigiúin de na físeáin 1 nóiméad chuig na comhlachtaí farantóireachta agus na soláthraithe seirbhíse a chuir roinnt maoinithe meaitseála ar fáil don tionscadal.

# Árainn Mhór

Comhghairdeas le Comharchumann Oileán Árainn Mhór Teo agus na hoileánaigh a bhfuil forbairt mhór déanta acu i bhforbairt a nGormbhealach idir Árainn Mhór agus Ailt 'a Chorráin. Níos tuisce i mbliana, ceadaíodh maoiniú ón gClár LEADER, chun plean margaíochta agus bainistíochta a dhéanamh do Ghormbhealach Árainn Mhór go hAilt 'a Chorráin.


**Céadaíodh breis maoiniú i Mí Dheireadh Fómhair 2021 ón gclár ORIS** chun comharthaíocht a dhéanamh don Ghormbhealach. Seo thíos samplaí den chomharthaíocht atá i gceist.









# Oileán Chliara -Córas Cúraim Sláinte Fíorúil




Tá forbairtí iontacha beartaithe d'Oileán Chliara i soláthar Ríomh-Shláinte.

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo Oileán Chliara a fhorbairt mar an chéad áit in Éirinn le

- córas cúraim sláinte fíorúil réamhghníomhach don phobal ar fad.
- Deartha ag na h-áitritheoirí agus FSS le chéile i bpróiseas rannpháirtíochta poiblí agus othair (PPI).
- An daonra is sláintiúla ar domhan a chruthú agus
- Múnla cúraim nua le triáil ar fud na hÉireann.

Is gearr go ndéarfaidh pobal Oileán Chliara go bhfuil an cúram pearsanta is fearr acu sa tír. Le beirt altraí cónaitheacha áitiúla agus cuairt seachtainiúil dochtúirí ag tabhairt cúram clinic agus baile den scoth agus anois an fhorbairt nua seo.

Tá go leor Dúshlán Cúram Sláinte ag Oileán Chliara, áfach:

- Gan aon dochtúir cónaitheach.
- Gan aon chógaslann.
- Altra sláinte poiblí cónaitheach do mhionthimpistí.
- Clinic Sláinte atá ag dul in aois nach bhfuil oiriúnach a thuilleadh.
- Easpa Iompair chuí chuig ionaid leighis.
- Helipad nach bhfuil feiliúnach do riachtanaisí reatha.
- Cúrsaí cumarsáide nach bhfuil iontach.
- Daoine an-scortha óna chéile sa gheimhreadh.
- Pobal beag le imní faoi phríobháideachas.

Is é Tionchar na Forbartha nua seo ná:

- Oileán Chliara le bheith ina shampla maith do ríomhsheirbhísí sláinte.
- Tá an t-oileán an-fheiliúnach don tástáil seo.
- Taithí ar sholáthar cúram sláinte ar bhealach nua.
- Cruthaíonn sé spás le haghaidh nuálaíochta radacach.
- Beidh fócas ar an bhfolláine ní ar an mbreoiteacht.
- Idirghabháil luath le daoine maidir le tinnis.
- Ag cumhachtú Oileánaigh chun a sláinte féin a bhainistiú.
- Laghdú an uaigneas i rith na bliana.
- Cothú sláinte comhtháite fíorúil.
- Cruthaíonn an nasc dhigiteach feabhsaithe deiseanna nua.

Is iad comhpháirtithe an tionscadail ná Cliara Development, FSS, Cisco, Manna, OÉ Gaillimh, Think Biosolution, Comhairle Contae Mhaigh Eo, Coimisiún Forbartha an Iarthair agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Le maoiniú chun tosnú ó CISCO agus Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann, is tionscadal fadtéarmach é Saotharlann Maireachtála Oileán Chliara atá deartha chun Éire a chur chun tosaigh i gcúram sláinte fíorúil réamhghníomhach ar fud an domhain.

***Guímid gach rath ar Brendan Tobin, foireann Cliara Development agus ar chomhpháirtithe uile an tionscadail agus beidh an-spéis againn an tionscadal seo a leanacht.***

# *SPÁSANNA CHOMHOIBRITHE AR OILEÁIN*

***Breathnaímid ar Inis Oírr, Oileán Chliara agus ar an gcéad Oileán ar a raibh Mol Dhigiteach Árainn Mhór***

## *Inis Oírr*

**An samhradh seo chruthaigh Comhar Caomhán Teo spás comhoibrithe ó sheomra stórála 'sna hoifigí ar Inis Oírr. Tharla sé seo tar éis a cuireadh isteach Pointe Nasctha Leathanbhanda Ardluais. Is féidir le daoine an spás a thógáil ar cíos anois in aghaidh na huaire, in aghaidh na seachtaine, in aghaidh na míosa nó ar bhonn fadtéarmach. Thacaigh Comhairle Contae na Gaillimhe agus an Plean Náisiúnta Leathanbhanda le hathchóiriú an tseomra. Guímid gach rath ar Comhar Caomhán leis an áis.**








L-R: Ruairí Mac an Iomaire, Údarás na Gaeltachta, Minister Heather Humphreys, Chloe Ní Mháille, Bainisteoir Comhar Caomhán Teo, Senator Sean Kyne, Ruairí Ó Neill, Údarás na Gaeltachta.

THUG AN <u>**tAIRE FORBARTHA TUAITHE & POBAIL, HEATHER HUMPHREYS**</u> CUAIRT AR INIS OÍRR I RITH MHÍ IÚIL 2021
BA É AN PRÍOMH ÁBHAR DIOSPÓIREACHTA NÁ CÁS NA CÉIBHE AR AN OILEÁN. CHAS AN tAIRE LE COISTE COMHAR CAOMHÁN TEO.

TAR ÉIS AN MÉID SIN CHAS SÍ LE COMHAR NA NOILEÁN CHUN TODHCHAÍ AN CHLÁR LEADER AGUS SICAP A PHLÉ. TÁIMID FÍOR-BHUÍOCH DON **AIRE HUMPHREYS** AGUS DÁ FOIREANN **BAIRBRE NIC AONGHUSA**, DÁR N-IONDAÍTHE POIBLÍ **SEAN KYNE** AGUS **ÉAMON Ó CUÍV** AS AN DEIS SEO A FHÁIL.

Ár dTodhchaí Tuaithe
Our Rural Future

*OILEÁN CHLIARA*

**Ba mhaith linn comhghairdeas a dhéanamh freisin le hOileán Chliara as spás comhoibrithe a fhorbairt ar an Oileán.**

**Is féidir leis an spás comhoibrithe ar Oileán Chliara freastal ar 8 n-oibrithe, de réir treoir ón FSS. D'fhéadfadh sé sin dul suas chomh fada le 11 nuair a éascaíonn na srianta. Tá leathanbhanda ardluais ar fáil sa spás Comhoibrithe, sa phríomh halla spóirt agus i seomra ilchuspóireach, atá in úsáid le haghaidh na cianfhoghlama agus a d'úsáid míc léinn le h-aghaidh scrúdaithe le linn tréimhse na dianghlasála. Tá roinnt oileánach óg tar éis filleadh ar an oileán chun obair go cianda. D'úsáid lánúin amháin an t-Ionad chun oibriú do chuideachtaí atá lonnaithe in sna Stáit Aontaithe i rith na géarchéime. Bhí Ruaraidh McCabe ar cheann de na chéad oileánaigh, nó béidir an t-aon oileánach riamh, a chuir a thráchtas PhD faoi bhráid na n-údaráis óna oileán féin.**

**Méadófar na háiseanna leathanbhanda i mbliana trí sheomra comhairliúcháin sláinte fíorúil agus seomra comhdhála / seomra cianfhoghlama agus teagaisc a fhorbairt. Tá pleananna le haghaidh spás oifige nua do Cliara agus don chlár saotharlainne maireachtála á gcur chun cinn freisin. Beidh na forbairtí nua i bhfoirm roinnt seomraí réamhdhéanta. Feictear iad seo mar bhearta eatramhacha ar an mbealach chun gorlann tiomnaithe comhoibrithe / gnó a fhorbairt sna blianta amach romhainn.**



# ARAINN MHÓR

## MODAM – An Chéad Mhol Digiteach Eischósta in Éirinn

I ndomhan inar cosúil go bhfuil an saol ag bogadh níos gasta ná riamh, bíonn sé deacair cothromaíocht a bhaint amach idir a bheith táirgiúil sa saol oibre agus fós a bheith in ann saol maith a bheith agat ag baile. Ní bhíonn sé éasca i gcónaí spás oibre a fháil atá feiliúnach agus fós a bheith in ann maireachtáil i suíomh idéalach. Samhlaigh d'ionad oibre a bheith chúig nóiméad ó d'oifig, agus a bheith in ann suí i spás oibre nua-aimseartha, ag deasc atá ag breathnú amach ar thrá, agus rochtain agat fós ar nasc idirlín ardluais agus ar an ngréasán domhanda, agus áiseanna comhdhála chomh maith agus a gheofá i mBaile Átha Cliath, i Londain nó i Nua Eabhrac.
Cé gur cosúil le aisling é seo, tá sé fíor anois i gcás Oileán Árainn Mhór, Contae Dhún na nGall. Leis na deiseanna fostaíochta i dtionscail thraidisiúnta cosúil leis an iascaireacht agus feirmeoireacht a bheith laghdaithe go mór, le blianta fada anuas, tá go leor de lucht fágála scoile an oileáin ag bogadh isteach i dtionscail tar éis dhóibh oideachas tríú leibhéal a bheith faighte acu. Fágann sé seo go raibh óige Árainn Mhór ag imeacht ó a n-áit dúchais ar thóir oibre. In iarracht an taoide a chasadh thug Comhairle Pobail Oileán Árainn Mhór faoi thionscadal darb ainm 'Cominghome' a d'fhiafraigh de dhiaspóra Árainn Mhór céard a bhí ag teastáil chun go mbeadh an t-oileán tarraingteach mar áit cónaithe aríst. Ba léir ón suirbhé sin, go raibh Árainn Mhór an-tarraingteach, agus gurb é a bhí in easnamh ná deiseanna fostaíochta agus leathanbhanda ardluais chun ligean dóibh siúd a d'fhéadfadh, obair go cianda in Árainn Mhór.

Le maoiniú ón Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe a fuarthas trí Chomhairle Contae Dhún na nGall, chuaigh comhairle an oileáin i mbun mol digiteach a bhunú a bheadh ina spás oibre roinnte le idirlíon ardluais. Faoin Earrach 2019, bhí an tionscadal seo curtha i gcrích agus tá Oileán Árainn Mhór anois an-bhródúil faoin gcéad mhol digiteach amach ón gcósta in Éirinn. Agus é ainmnithe mar MODAM, giorrúchán de Mol Oifig Digiteach Arainn Mhor, tá spéis dhomhanda bainte amach ag an tionscnamh nua seo. Tá sé seo i bpáirt le feachtas fógraíochta Three Ireland d'oibrigh i gcomhpháirtíocht le comhairle na n-oileán chun nasc idirlín a sholáthar don mhol agus don phobal i gcoitinne. Fritheadh cúnamh ón gcuideachta meáin cruthaitheacha 'Boys & Girls' agus le comhairle uatha chuir comhairle an oileáin litir oscailte amach ag fógairt go bhfuil mol digiteach Árainn Mhór agus go deimhin gnólachtaí eile ar an oileán oscailte, réidh agus in ann idirghníomhú le daoine eile ar fud an domhain mar gheall ar an nasc dhigiteach nua.

Áit é an mol digiteach cheana féin inar féidir le hoileánaigh a bheith ag obair go cianda. In achar an-ghearr ama ghlac an diaspóra go tapa leis an smaoineamh síneadh a chur le na gcuid laethanta saoire ar an oileán, i gcásanna áirithe fad a chur le na ngnáth-ama "sa bhaile", agus iad in ann obair a dhéanamh anois ó Árainn Mhór. Tá áirithintí le haghaidh spás deisce i MODAM i rith míonna an tsamhraidh seo chugainn á ndéanamh cheana féin ag an diaspóra agus tá caint ann anois faoi dhaoine aonair atá ag smaoineamh ar aistriú abhaile chun an oileáin le maireachtáil arís ar Árainn Mhór mar go bhfuil áis acu ina bhfuil idirlíon slán iontaofa agus tapa. Tá fiú oileánaigh ag smaoineamh ar ghairm bheatha nua a ghlacadh a ligfeadh dóibh oibriú as Árainn Mhór agus tá comhairle na n-oileán ag obair le 'Grow Remote' cheana féin chun a thaispeáint dóibh siúd ar spéis leo conas is féidir leo a leithéid de ghluaiseacht a dhéanamh.

Ach ní ar an diaspóra amháin atá siad ag diriú. Tá Comhairle Pobail Oileán Árainn Mhór an-eolach ar dhaoine a bhogann thart, daoine aonair ar mhaith leo taisteal agus atá in ann oibriú ó áit ar bith ar domhan chomh fada agus a bhfuil an nasc ceart acu. Is féidir le oibrithe digiteacha den sórt sin taisteal anois go dtí áit uathúil idéalach mar Oileán Árainn Mhór agus obair i spás atá chomh nua-aimseartha agus chomh úr le haon oifig nua in aon chathair mhór ar domhan. Ní amháin go bhfuil an spás oifige acu, ach tá seomra scoite ann freisin le haghaidh cruinnithe agus saoráid físchomhdhála den scoth agus iad uile ag úsáid na teicneolaíochta a bhuíochas le comhpháirtíochtaí le Samsung agus Cisco. Tá cóiríocht en-suite san áis freisin don t'é a mbeadh sé uatha. Ní amháin sin, ach ar leac an dorais de

MODAM tá trá órga ina féidir tú cadhcáil nó seoltóireacht, agus cosáin fada do shiúl na gcos nó don rothaíocht. Agus seo ar fad i dteannta leis na tithe ósta, caiféanna agus lóistín ar cíos atá ar fáil ar an oileán freisin.


Is Oileán nua-aimseartha, beoga é Oileán Árainn Mhór, agus MODAM curtha leis anois, is áit iontach oibre é agus is féidir saol foirfe a bhaint amach. Le haerfort Dhún na nGall in aice láimhe ag soláthar eitiltí 45 nóiméad d'aerfoirt idirnáisiúnta ar nós Baile Átha Cliath agus Glaschú, tá Oileán Árainn Mhór ar leac an dorais ag an domhan ar fad, agus anois is péarla in oisre an domhain é.



Míle buíochas le Adrian Begley, as ucht an eolais. Ba mhaith linn chuile rath a ghuí ar an bhforbairt uathúil seo.



Comhdháil Oileáin na hÉireann
Irish Islands Federation



# Fóram Óige d'Oileánaigh na hÉireann

Fáiltíonn Comhdháil Oileáin na hÉireann roimh oileánaigh óga timpeall na hÉireann chun páirt a ghlacadh i 'bhFóram Óige' nua. Más duine óg thú atá ag iarraidh a gcuid smaointe faoi fhadhbanna na n-oileán a chuir in iúl agus comhoibriú le hoileánaigh eile, seol ríomhphost le do thoil chuig:

**comhdhailoileainnaheireann@gmail.com**

Beidh litir ceada ag teastáil ó thuismitheoirí / caomhnóirí dóibh siúd atá faoi 18

**Dáta deiridh: 5i.n. 24 Samhain 2021**





Carn Uí Néid, Co. Chorcaí / Mizen Head, Co. Cork

© Máirín Ní Chonghaile

**Máire Uí Mhaoláin**
POF /CEO, Inis Oírr 099-75096 maire@oileain.ie

**Marian Uí Chonghaile**
Riarthóir Airgeadais / Financial Administrator, Inis Oírr 099-75096 marian@oileain.ie

**Máirín Ní Chonghaile**
Riarthóir Oifige / Office Administrator, Inis Oírr 099-75096 mairin@oileain.ie

**Mary Lavelle**
Oifigeach Forbartha / Development Officer, Inishbofin 099-75096 ext 101 mary@oileain.ie

**Joe Ó Curraoin**
Oifigeach Forbartha / Development Officer, Inis Oírr/Na Forbacha 099-75096 ext 100 joe@oileain.ie

**Jude Gilbert**
Oifigeach Forbartha / Development Officer, Iarthar Chorcaí 099-75096 ext 105 jude@oileain.ie

**Conor MacThaidhg**
Riarthóir Tograí / Project Administrator 099 75096 conor@oileain.ie

**Dáithí Ó Briain**
Riarthóir Tograí / Project Administrator 099 75096 daithi@oileain.ie

Foilsithe ag / Published by Comhar na nOileán CTR. Inis Oírr, Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe, 099 75096

Comhar na nOileán CTR is a Limited Company incorporated under the Companies Act 1963 to 2006 No 448764